

Dearbhú maidir le todhchaí na gceantar tuaithe agus maidir le todhchaí beartais forbartha tuaithe san Aontas Eorpach

Nollaig 2024

Dearbhú ó Ghrúpa Comhordaithe an Chomhshocrailthe um an Tuath

An leagan gearr



I. Is ábhar imní don tsochaí ina hiomláine í todhchaí na gceantar tuaithe

> Bíonn **ról lárnach acu i ngeilleagar an Aontais**, agus na hacmhainní ríthábhachtacha ar a bhfuil na príomhearnálacha ag brath á n-óstáil acu. Tá siad tábhachtach chun **aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, creatlach shóisialta an Aontais a shaibhriú, traidisiúin agus éagsúlacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú agus ár dteorainneacha a dhaingniú.**

II. Tá freagairtí práinneacha de dhíth i leith dúshláin tuaithe

> Dúshláin: **déimeagrafaíocht** (dídhaonrú agus aosú), **soláthar seirbhíse íseal, aistriú digiteacha, glasa agus eacnamaíocha, agus acmhainní daonna agus airgeadais srianta**;

> Freagairtí: **infheistiúcháin** in acmhainní áitiúla, i mbonneagar, i seirbhísí agus i nuálaíocht; **Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail** neartaithe agus **sásraí cistiúcháin simplithe**.

III. Leis an mbeartas forbartha tuaithe a bheidh ann amach anseo, ní mór aird a thabhairt ar riachtanais ceantar tuaithe ar bhealach níos dáiríre

> **Cur chuige iomlánaíoch** i leith na forbartha tuaithe agus **cistiú comhordaithe** ó fhoinsí AE, náisiúnta agus réigiúnacha;

> Cur i bhfeidhm treisithe **phromhadh leas na tuaithe** chun a áirithiú go gcuirfear riachtanais tuaithe san áireamh sna beartais uile;

> **Leithdháileadh íosta éigeantach** – e.g. 30 % ar a laghad de bhuiséad fadtéarmach iomlán an Aontais – ar an bhforbairt tuaithe (lasmuigh den talmhaíocht). Rogha eile: **Ciste Eorpach um Fhorbairt Tuaithe tiomnaithe** a bhunú;

> Úsáid níos leithne a bhaint as **tionscnaimh faoi stiúir an phobail** – lena n-áirítear LEADER/Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail agus Sráidbhailte Cliste – trí leithdháileadh éigeantach 10 % ar a laghad de chistiú forbartha tuaithe.

IV. Straitéis nithiúil a dhéanamh den fhís fhadtéarmach tuaithe agus samhail an Chomhshocrailthe um an Tuath a bhaint amach

> Fís tuaithe an Aontais a aistriú ina **straitéisí forbartha tuaithe inghníomhaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil**, ailínithe le tosaíochtaí an Aontais agus curtha le chéile i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara;

> **Comhordú cothrománach agus ingearach láidir** (samhail an Chomhshocrailthe um an Tuath) trí chomhaltaí ainmnithe

rialtais, grúpaí comhordaithe idir-áireachta éigeantacha (leibhéil náisiúnta/réigiúnacha) agus comhordú éigeantach i measc na nArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha (leibhéal an Aontais).

V. Acmhainneacht áitiúil a fhothú agus úinéireacht áitiúil a chruthú

> **Tacaíocht theicniúil, líonrú agus fothú acmhainneachta** le haghaidh rialtais áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, pobail áitiúla agus gnólachtaí beaga chun sásraí cistiúcháin a láimhseáil agus tionscadail nuálacha a chur chun feidhme;

> **Síolchistiú** chun tionscadail a ullmhú agus smaointe a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil, agus **próisis iarratais shimplithe**, lena n-áirítear iocaíochtaí bunaithe ar thorthaí agus samhlacha cistiúcháin feidhmíochtbhunaithe.

VI. Feabhas a chur ar fhaireachán ar chaiteachas an Aontais ar an tuath

> **Cistí an Aontais a chlibeáil de réir earnála agus cineál críche** chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus cuntasacht. Le clibeáil chríoach, ba cheart sainiúlachtaí na limistéar tuaithe a chur san áireamh agus cuidiú le cosc a chur ar thairbhíú go díreireach do chríocho ina bhfuil acmhainneacht níos airde;

> **Táscairí SMART** (Sonracha, Intomhaiste, Indéanta, Ábhartha agus faoi cheangal Ama) chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na dtionscadal tuaithe, sa ghearrthearma agus san fhadthearma, agus gnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla á gcothromú. **Tacaíocht theicniúil** do na páirtithe leasmhara tuaithe chun na táscairí a chur chun feidhme go héifeachtach.

Dearbhú ó Ghrúpa Comhordaithe an Chomhshocrailthe um an Tuath: arna ghlacadh an 12 Nollaig 2024 de chomhthoil, leagtar amach ann togra straitéiseach le haghaidh chistí agus bheartais an Aontais tar éis 2027. Is freagairt chomhchoiteann é ar na ceisteanna a leagtar amach sa tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an bhfís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais i mí an Mhárta 2024.

Grúpa Comhordaithe an Chomhshocrailthe um an Tuath: grúpa neamhfhoirmiúil, a dhéanann ionadaíocht ar rannpháirtithe sa Chomhshocrú chun é a fhorbairt a thuilleadh agus a phróiseas a stiúradh.

An Comhshocrú um an Tuath: creat comhair ar fud na leibhéal rialachais agus na bpáirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin tuaithe.



Glac páirt i gComhphobal an Chomhshocraithe um an Tuath agus san ardán ar líne

https://ruralpact.rural-vision.europa.eu/become-member_en



 ruralpact.rural-vision.europa.eu/index_en

 info@rural-pact.eu

Is le Grúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe um an Tuath amháin na tuairimí a chuirfear in iúl agus níor cheart a bhreithniú gur léiriú iad ar sheasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

© An tAontas Eorpach, 2025. CC-BY 4.0

Grianghraf clúdaigh: ©Flickr

Is tionscadal í Oifig Tacaíochta an Chomhshocraithe um an Tuath arna cur chun feidhme ag



PRINT ISBN 978-92-68-25713-5 doi:10.2762/6166090 KF-01-25-008-GA-C

PDF ISBN 978-92-68-25712-8 doi:10.2762/3384779 KF-01-25-008-GA-N



Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach